

Bean dá chumhadh críoch Ealla

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlúim Dána*, Dublin, 1938, poem 73]

1 Bean dá chumhadh críoch Ealla;  
a-tá - ní taom soineanda -  
neoil éachta impe re headh,  
linnte téachta 'n-a timcheal.

2 Síona corracha ceatha,  
saighnéin lonna loisgeacha,  
tuile chumhadh ós a ceann  
nach duibhe dubhadh díleann.

3 A-tá re hathaidh d'aimsir  
'n-a tír dhorcha dhoghailsigh  
nar bhean a déarchuladh dhi;  
ní bean éanchumhadh i-se.

4 I gcrích Ealla na n-eas nglan  
iomdha comhartha cumhadh  
táraidh dá tochrádh re treall  
gur sháraigh ochlán Éireann.

5 A haibhne i dteirce torchar;  
ní trom féar a fanntolchadh;  
iúl fraochmhar a slighthe sain;  
sirthe faolchon 'n-a fiodhbhaidh.

6 A-tá - ní cumha chuimse -  
dá adhbhar 'gá hathtuirse;  
gibh bé dhíobh as dimbhríogh dhi  
do líon sé d'imshníomh i-se.

7 I nEallaibh d'éis a leonta  
aimrid gach craobh cheineolta,  
luath ar an gciath mheasdar mall,  
ní easgar ioth 'n-a ionam.

8 Do cailleadh le crích Ealla  
- tug dorcha a dreach shoineanda -  
tuir iorghuile achaidh Fhinn,  
nathair ionghuire a himill.

9 Do cailleadh fós - fada a ghomh -  
a mionn adhartha, a hollamh,  
caitheamh aimsire a sluagh sain;  
truagh an ainnsile d'Eallaibh.

10 Domhnall Ó Caoimh creach brughadh,  
Ó Dálaigh díoth ollamhan,  
a mbeith mar táid 'n-a dtaisibh  
dá chreich an fháid Eallai-sin.

11 Dá leonadh a fhlaith ngoile,  
dá bhuidheadh a mbanchoire,  
dá chúis daghra leasChláir Luirc  
dá dhamhna an easráin d'adhuint.

12 Mór as easbhaidh d'iath Ealla,  
mór as díoth d'fhuil Oilealla,  
dá phudhair luighe gach lis  
don Mhumhain uile is éisleis.

13 Díoth dá marcraidh mac í Chaoimh;  
díoth dá n-ollamhnaibh d'aontaoibh  
- ní léir sreath adhmholaidh as -  
creach dá n-adhbhoraibh Aonghus.

14 A-táid mar a-tá an Mhumha  
fa ndíth-sin ag déardhubha  
beithre fhoraire Fhóid Bhreagh,  
sgolaidhe na gcóig gcúigeadh.

15 Gér mhór ag sgaoileadh don sgoil  
a n-orchra i ndiaidh Í Dhálaigh,  
níor lugha ag deaghail don droing  
a gcumha i ndeaghaidh Domhnaill.

16 Ní bhíodh sgolaidhe don sgail  
dá mbíodh i mbaile Í Dhálaigh  
gan chomaoin éigin ón fhior  
d'fhorraoin nar bh'éidir d'áiriamh.

17 Chuige do ghabhdaois trá ag teacht,  
do bhídís aige ag imtheacht  
go hionbhuidh sgaoilte don sgail,  
faoilte ionmhuin re a n-aghaidh.

18 Oide sgagtha na sgoile  
's a gcompánach comhnoidhe  
re linn sídh nó i gcailg chagaidh  
mairg an tír re a dtéarnadair.

19 Díoth don mholadh, olc don aoir,  
bás Aonghusa mheic Amhlaoibh;  
saoth don ghaisgeadh líomhtha lonn  
an baisgeadh díochra Domhnall.

20 Mac Í Chaoimh ceardcha goile  
díobhadh uaisle a fhaonloighe,  
áladh doiligh dá gach dháimh,  
bádhadh oinigh is easráin.

21 Níor mhian leis an lá do mhair  
gan chuaird ollaimh 'n-a fhochair;  
an fáidh ó bhfuair gach oideacht  
cáir do-chuaidh 'n-a chomhoideacht.

22 Domhnall mhac Airt 's a ollamh  
dóibh is aoibhne - adamar -  
béine nar an ar-oile;  
gar dá chéile a gcomhnoidhe.

23 A-táthar leo - leor do shníomh -  
ar gach thaobh d'fheart na n-airdríogh;  
tarthaidh sinne ar ndíobhdhúdh dhe  
i ríoghmhúr Cille Créidhe.

24 Sáith Í Dhálaigh do dhamhna  
i nDomhnall dreach nathardha;  
sáith an donnaghaidh shing shéimh  
dar linn d'ollamhain ainn-séin.

25 Suaimhneach dá gach dhuine dhíobh  
gan mharthain d'fhulang fairbríogh  
i ndiaidh an chomthaigh ro chleacht;  
liaigh dá n-orchraibh a n-imtheacht.

26 Ionshamhail Domhnall dreach bhras  
ní dóigh go bhfuigheadh Aonghus;  
fa chrích ndaithghil mbraonghlais mBreagh  
aithghin Aonghais ní fhuigheadh.

27 Bíoth gur mhaith le mac Í Caoimh  
bheith is ollamh d'éantaoibh  
meisde é dul d'Ú Dhálaigh  
sé ag cur ar a chompánaibh.

28 Do b'easbhaidh duas d'Ú Dhálaigh  
díoth céile agus compánaigh  
bás an fhialruire shéimh shing  
tar féin Fhiadhmuighe Fhéilim.

29 Is toirmeasg sgéal do sgaoileadh  
díoth dréacht agus duanlaoidheadh  
fa Chlár nOiligh dtonnmhall dtais

do Dhomhnall oighidh Aonghais.

30 Mór gcompánach croidhe Dhé  
do-chuaidh ag iarraidh éigse  
- ró doghruinne nar líoth lais -  
do dhíoth fhoghluma Aonghais.

31 Gréas marbhnaidhe meic mheic Airt  
dámadh beo an t-oide orrdhairc  
do snoighfidhe 'n-a ghréas ghlan  
gréas badh sgoithghile sgiamhadh.

32 Níor ghuais dí 'n-a dheaghaidh sain  
toibhéim oide ná adhbhair;  
níor bheag d'fheitheamh, a Dhé, dhi  
gomadh breitheamh é uirre.

33 Do bhí - níor bheag do thuigse,  
níor ghuth dhóibh é an ionbhuidh-se -  
geall gach oide 'ga ucht shlim  
a hucht a oige n-inghill.

34 Do nós Í Dhálaigh sa dán  
do bhí Domhnall díon forrán  
re súr feadh, re feitheamh cruidh,  
'n-a bhreitheamh cean is coguidh.

35 'N-a láimh leadartha biodhbhadh,  
'n-a ghríbh chuirthe caithiorghal,  
'n-a dhóigh oinigh, 'n-a eo ghlan,  
'n-a dhoighir bheo gan bháthadh.

36 Mac Í Chaoimh, cuingidh Ealla,  
troigh luaimneach lá doineannda,  
bas dána dhíobhraigthe sleagh,  
brágha míonmhaicne Míleadh.

37 Ursa troda, túr deabhtha,  
fuigheall iarainn aithleaghtha,  
lámh éachtach áladh docrach  
bádhadh céadchath gcumhacthach.

38 Mac Eilionóir, abhra slim,  
ní hé a inmhe acht a inntinn  
thug ainm d'iomarcaidh gach fhir  
don bhaidhbh iongantaigh éigsigh.

39 Rogha foghluma fríoth lais,  
cur feadhma, foghal ionnmhais,

cosg díbheirge cháigh dá chrích,  
rímheirge áigh is eissíth.

40 Geall gach oide taoibh re taoibh  
mar fhuair Aonghus mhac Amhlaoibh  
geall gach ríodhamhna rug sin  
ar fud fhíonadhbha Éibhir.

41 Ó Dálaigh an dréachta ghloin,  
mac ochta chloinne Carthaigh,  
dalta an chróchshlóigh mhála mhir,  
órthóir an dána dhírigh.

42 Bádhadh tnútha, tobar fis,  
cosg dubha, dúsgadh áinis,  
léaghadh meall nglanrolla ngeal,  
ceann foghloma na bhfileadh.

43 Ursa breithnighthe gréas ngill,  
sgolaidhe d'ollamh inghill,  
altra cháigh i n-ar gceird-ne,  
fáidh glanta na Gaoidheilge.

44 Dursan, a Dhé, a ndeaghail ruinn  
mh'oidhe, mo chéile cumuinn;  
san gcruth i rabhadar rum  
uch nar anadar agam!

45 Géarsam uaibhreach orra sain  
mo lucht comtha, mo chomthaigh,  
teidhm as tinne do threaghd mé  
a bhfearg rinne ní raibhe. Bean